

Obair Shnáithe- Gníomhaíochtaí Éagsúla Teagaisc, 24 Eanáir – 23 Feabhra



Snáithe 1 Cleachtas Ionchuimsitheach	Snáithe 2 Teagaisc Foirne	Snáithe 3 Fócas Curaclaim	Snáithe 4 Cur chuige Folláine – OSPA & Corpoideachas	Snáithe 5 Múineadh matamaitice
Snáithe 6 Múineadh Teanga	Snáithe 7 OSIE	Snáithe 8 Oideachas sna hEalaíona	Snáithe 9 Ionchur maidir le Teagasc ar líne	Snáithe 10 Eile

Ó 24 Eanáir go 23 Feabhra bíonn an mac leinn páirteach i réimse gníomhaíochtaí teagaisc (Snáitheanna). Tuigtear go mbeidh cúinsí éagsúla i scoileanna éagsúla. De ghnáth tarlaíonn na gníomhaíochtaí seo timpeall na scoile ach beidh éagsúlacht ann ó scoil go scoil. Beidh éagsúlacht ann ó thaobh ama a caitear ar na Snáitheanna éagsúla ó scoil go scoil agus ar an aschur oibre. Táthar ag súil go mbeidh an mac léinn gnóthach an t-am ar fad agus go mbainfidh sé/sí leas as gach deis a tugtar dó/di. Pléifidh na mic léinn an obair shnáithe go mion sa chead seachtain agus déanfar athbhreithniú ar na tuairimí go rialta le foireann na scoile ina dhiaidh sin.

Snáithe 1: Cleachtas Ionchuimsitheach le fócas ar Oideachas Speisialta

Is gné ar leith den socrúchán sínithe í foghlaim faoi chur chuige na scoile maidir le hOideachas Speisialta. Ag leibhéal ranga, le cabhair an mhúinteora agus le cabhair múinteoirí oideachais speisialta caithfidh na mic léinn am ag cur aithne ar na daltaí d'fhonn tuiscint a fháil ar conas mar a théann daltaí, daltaí le riachtanais oideachais speisialta san áireamh, i ngleic leis an bhfoghlaim i seomra ranga ionchuimsitheach. Cuirfear béim ar thimpeallacht foghlama atá fuinniúil agus freagrach a chothú ina mbaintear úsáid as teagasc ranga uile, teagasc i ngrúpaí beaga agus teagasc aonair. Beifear ag súil go gcuirfidh mic léinn iad féin ar an eolas maidir leis an gcur chuige atá i bhfeidhm sa scoil agus cur leis an gcur chuige ag leibhéal na scoile uile mar is cuí.

Snáithe 2: Teagaisc Foirne: Ag glacadh páirt san Teagaisc foirne ar fud na scoile faoi mar is cuí sa scoil.

Snáithe 3: Fócas Curaclaim – togra beag a phleanáil agus a chur i hfeidhm

Tá gach modúl curaclaim éigeantach déanta ag na mic léinn agus dhá mhodúl roghnach oideachais, agus iarrtar ar mhic léinn limistéar den churaclaim a aithint ina bhfuil spéis ar leith acu. Forbróidh an mac léinn, i gcomhar leis an bhfoireann scoile, plan dá rogha limistéir spéise. Beidh inniúlachtaí agus scileanna an mhic léinn léirithe sa phlean agus freagróidh sé do riachtanais na scoile sa limistéar sin. Ar mhaithe le leanúnachas a chinntiú, ba chóir go mbeadh 8 sheisúin i gceist.

Snáithe 4 - 8: Diríonn na Snáithe se oar an gcuraclaim agus id feidir les an mac leinn iad a mhúineadh in aon rang. Mar shampla, I gcomhairle le na múinteoirí, d'fheadfadh an mac léinn **na hEalaíona** (Snáithe 8) a mhúineadh I rang amhain ar feradh ceithre seachtaine agus **OSIE (Eolaíocht, Tír Eolas, Stair), Snáithe 7** a mhúineadh I rang eile agus **Cur Chuige Folláine - OSPA & Corpoideachas, Snáithe 4**, a mhúineadh i rang eile. Sa tslí seo tugtar taithí don mhac leinn beith ag múineadh rangamna éagsúla agus pleanail co-oibreach a dheanamh leis an múinteor ranga.

Snáithe 9: Ionchur maidir le Teagasc ar líne: Déan cur síos ar an ionchur a dhéanfaidh tú ar líne chun tacú leis na páistí má dhúntar an scoil de bharr Covid-19 agus/nó más rud go bhfuil ort freastal ar líne ar pháistí nach féidir leo teacht ar scoil de bharr Covid-19.